Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2023
(OR. en)

6267/23
PV CONS 4
AGRI 50
PECHE 45

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

30 Eanáir 2023

# <u>CLÁR</u>

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ..... 3
2. Formheas na míreanna ‘A’ ..... 3
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta reachtach

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

3. Clár Oibre na hUachtaránachta ..... 4

<u>TALMHAÍOCHT</u>

4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin ..... 4
5. Deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe ..... 4

**<u>Aon ghnó eile</u>**

<u>Talmhaíocht</u>

6. (a) Athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le hiompar ainmhithe - cuid riachtanach den táirgeadh bia ..... 4
   (b) Fadhbanna le méadú ar allmhairí talmhaíochta ón Úcráin ..... 5
   (c) Maolú sealadach ar an tairseach uasta a leithdháiltear ar bhearta maidir le tacaíocht ioncaim chúpláilte do bhliain éilimh 2023 ..... 5
   (d) Tograí reachtacha reatha ..... 5
   (e) Cumaisc mheala a lipéadú agus an t-athbhreithniú ar an Treoir ón gComhairle maidir le mil (2001/110/CE) ..... 5
   (f) Athléimneacht agus iomaíochas domhanda an Aontais a áirithiú: an gá atá le tacaíocht phráinneach agus cur chuige straitéiseach i leith an tionscail agrai-bhia ..... 6
   (g) Comhdháil na nAirí Talmhaíochta 2023 i gcomhthéacs an Fhóraim Dhomhanda um Bia agus Talmhaíocht (Beirlín, an 21 Eanáir 2023) ..... 6


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5594/23.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 5610/23 **+ COR 1 (de)**

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 5610/23, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Iascach

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 25.1.2023 | C | 5373/23<br>+ ADD 1 REV 1<br>16125/22<br>**+ REV 1 (sl)**<br>PECHE |

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 21.12.2022 | C | 16039/22<br>**+ COR 1 (de)**<br>ADD 1<br>**+ ADD 1 COR 1 (de)**<br>15540/22<br>**+ COR 1 (hu)**<br>SOC |

Gnóthaí Eachtracha

| | | | |
|---|---|---|---|
| 15. | Cruinniú den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv (an Bhruiséil, an 7 Feabhra 2023)<br>*Seasamh an Aontais a bhunú*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 27.1.2023 | | 5799/23 + COR 1<br>**+ COR 1 REV 1 (bg)**<br>COEST |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.** | **(b)** | **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) | | 5611/23 |

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

Rialachán ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an mháil [S][C] 5342/23
*Glacadh* 5083/23
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 25.1.2023 FISC

Ghlac an Chomhairle an Rialachán ón gComhairle mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 5083/23 é (Bunús dlí: Airteagal 113 CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3.** **Clár Oibre na hUachtaránachta** [F2]
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach clár oibre Uachtaránacht na Sualainne a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh.

TALMHAÍOCHT

4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin 5457/23
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

5. Deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe 5658/23
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**6.** **(a)** **Athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le hiompar ainmhithe - cuid riachtanach den táirgeadh bia** [F2] 5346/1/23 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile, thar ceann thoscaireachtaí na Cipire, na Fraince, na Gréige, na hUngáire. na hÉireann, na Laitvia, na Liotuáine, na Portaingéile, na Rómáine agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Portaingéile ar fáil thar ceann thoscaireachtaí na Cipire, na hÉireann, na Fraince, na Gréige, na Laitvia, na Liotuáinise, na Portaingéile, na Rómáine, na Spáinne agus na hUngáire, mar a leagtar amach in 5346/1/23 REV 1. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

(b) Fadhbanna le méadú ar allmhairí talmhaíochta ón Úcráin — 5722/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seicia, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice*

(c) Maolú sealadach ar an tairseach uasta a leithdháiltear ar bhearta maidir le tacaíocht ioncaim chúpláilte do bhliain éilimh 2023 — 5627/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hUngáire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na Fionlainne, na Gréige, na Polainne, na Slóvaice agus na Slóivéine*

**(d) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Gnéithe talmhaíochta den athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha** — 1 C — 5669/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na forbairtí is déanaí sa phlé ar ghnéithe talmhaíochta an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, agus na barúlacha a thug na Ballstáit agus an Coimisiún.

**(e) Cumaisc mheala a lipéadú agus an t-athbhreithniú ar an Treoir ón gComhairle maidir le mil (2001/110/CE)** — 2 — 5657/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóivéine, le tacaíocht ó thoscaireacht na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na hEastóine, na Fraince, na Gréige, na hUngáire, na hÉireann, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir thoscaireacht na Slóivéine ar fáil, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na hEastóine, na hÉireann, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na Laitvia, na Liotuáine, Mhálta, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Spáinne agus na hUngáire, mar a leagtar amach in 5657/23 í. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

**(f) Athléimneacht agus iomaíochas domhanda an Aontais a áirithiú: an gá atá le tacaíocht phráinneach agus cur chuige straitéiseach i leith an tionscail agrai-bhia** 5661/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gréige, thar ceann thoscaireachtaí na hOstaire, na Beilge, na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na Seicia, na Gréige, na hUngáire, na Laitvia, Mhálta, na Polainne, na Rómáine agus na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gréige ar fáil in 5661/23 maidir le hathléimneacht agus iomaíochas domhanda an Aontais a áirithiú: an gá atá le tacaíocht phráinneach agus cur chuige straitéiseach i leith an tionscail agrai-bhia. Thug an Chomhairle dá haire freisin an méid a bhí le rá faoi sin ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**(g) Comhdháil na nAirí Talmhaíochta 2023 i gcomhthéacs an Fhóraim Dhomhanda um Bia agus Talmhaíocht (Beirlín, an 21 Eanáir 2023)** 5651/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil maidir leis an 15ú Comhdháil Airí Talmhaíochta i mBeirlín i gcomhthéacs an Fhóraim Dhomhanda um Bia agus Talmhaíocht, mar a leagtar amach in 5651/23 í. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún.

An chéad léamh

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)